Faisnéis cé is moite de na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais aon eolas eile atá léirithe leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chonclúid chinnteachta fúthu.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, faoi na CIIInna ní mór dom aon eolas eile atá curtha i láthair a léamh agus, dá bharr, a mheas an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an bhfuil sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach eile. Má dhéanaim cinneadh, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil an t-eolas eile seo míshonraithe go hábhartha, ní mór dom an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisc a thabhairt ar chúrsaí eile

Déanaim m'iniúchadh agus tagairt á dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus a bhfeidhmiú. Déanaim tuairisc má aithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an modh ina ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisc má aithním aon chás ábhartha nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na críche a bhí beartaithe nó nuair nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú.

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann
Irish Blood Transfusion Service

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	<i>Nótaí</i>	2022 €'000	2022 €'000	2021 €'000	2021 €'000
Ioncam					
Díolacháin agus tástálacha	2(a)		71,394		69,166
Deontas na Roinne Sláinte	2(b)		577		579
(tástálacha HEV)	18(c)		2,993		2,515
Glanchistiúchán iarchurtha (SPSPS)			36		2
Ús a tuilleadh					
Brabús/(Cailteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta			23		251
Ioncam iomlán			75,023		72,513
Caiteachas					
Costais foirne	3	44,331		40,664	
Costais phróiseála	5	16,285		15,400	
Speansais ghinearálta	6	12,840		12,406	
Costais bhailiúcháin	8	4,801		4,205	
Muirir airgeadais	9	(39)		215	
Dímheas	10	3,546		3,640	
Deontais Chaipitil Amúchta	14	(1,755)		(1,751)	
Caiteachas Iomlán			80,009		74,779
Barrachas/(easnamh) iomlán			(4,986)		(2,266)

Tá an ráiteas sreafaí airgid agus na nótaí 1- 25 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann chomhaltaí an bhoird

Bean Uasal DA Barr

Cathaoirleach

Bean Uasal D Cullivan

Comhalta Boird

Dáta: An 19 Meitheamh 2023

Seirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann
Irish Blood Transfusion Service

Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	<i>Nótaí</i>	2022 €'000	2021 €'000
Barrachas/(Easnamh) na bliana		(4,986)	(2,266)
Brabús fíor lúide an brabús atá ceaptha ar sócmhainní príomhscéim pinsin	<i>17(c)</i>	(28,225)	15,341
Taithí ar méadú/(cailteanas) ag éirí as dliteanas príomhscéim pinsin	<i>17(b)(iii)</i>	(13,071)	(1,123)
Athruithe i mbarúla na príomhscéime pinsin	<i>17(b)(iii)</i>	114,348	(1,194)
Taithí ar méadú/(cailteanas) SPSPS	<i>18(d)</i>	(1,387)	(301)
Athrú i mbarúla SPSPS		8,624	(739)
Oiriúnú ar mhaoinithe iarchurtha SPSPS		(7,237)	1,040
Méadú/(Cailteanas) iomlán aitheanta ón tsraith dheireanach de ráitis airgeadais		68,066	10,758

Tá an ráiteas sreafaí airgid agus na nótaí 1- 25 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann chomhaltaí an bhoird

Bean Uasal DA Barr

Cathaoirleach

Bean Uasal D Cullivan

Comhalta Boird

Dáta: An 19 Meitheamh 2023

Seirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann
Irish Blood Transfusion Service

Ráiteas faoi Athruithe sa Chuntas Cúlchistí agus Caipitil

amhail an 31 Nollaig 2022

	Cúlchistí Ioncaim €'000	Cúlchistí Caipitil €'000	Cúlchistí Taighde €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2021	(83,457)	10,590	2,714	(70,153)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasáí	(2,266)	-	-	(2,266)
Aistriú	(164)	-	164	-
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar phinsean	(13,024)	-	-	(13,024)
Ag deireadh na bliana 2021	<u>(72,863)</u>	<u>10,590</u>	<u>2,878</u>	<u>(59,395)</u>

	Cúlchistí Ioncaim €'000	Cúlchistí Caipitil €'000	Cúlchistí Taighde €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2022	(72,863)	10,590	2,878	(59,395)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasáí	(4,986)	-	-	(4,986)
Aistriú	(264)	-	264	-
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar phinsean	73,052	-	-	73,052
Ag deireadh na bliana 2022	<u>(5,061)</u>	<u>10,590</u>	<u>3,142</u>	<u>8,671</u>

Tá an ráiteas sreafaí airgid agus na nótaí 1- 25 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann chomhaltaí an bhoird

Bean Uasal DA Barr

Cathaoirleach

Bean Uasal D Cullivan

Comhalta Boird

Dáta: An 19 Meitheamh 2023

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann
Irish Blood Transfusion Service

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2022

	<i>Nótaí</i>	2022 €'000	2022 €'000	2021 €'000	2021 €'000
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	10		8,255		10,383
Sócmhainní Reatha					
Stoc	13	2,720		2,509	
Féichiúnaithe	11	9,113		9,060	
Airgead sa bhanc agus ar láimh	16	29,107		29,811	
		<u>40,940</u>		<u>41,380</u>	
Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin					
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe	12	9,231		7,832	
		<u>9,231</u>		<u>7,832</u>	
		9,231		7,832	
Glansócmhainní Reatha			<u>31,709</u>		<u>33,548</u>
Sócmhainní iomlána			39,964		43,931
Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite i ndiaidh breis is bliain amháin					
			–		–
Soláthar le haghaidh dliteanas agus táillí					
Sócmhainn sochair scoir iarchurtha	18(c)		8,161		11,894
Scéim SPSPS um Oibleagáid Scoir	18(b)		(8,161)		(11,894)
Scéim IBTS um Oibleagáid Scoir	17(b)(i)		(27,156)		(97,434)
Glansócmhainní / (Glandliteanais)			<u>12,808</u>		<u>(53,503)</u>
Cúlchistí					
Deontas Caipítíl	14		4,137		5,892
Cúlchiste Caipítíl			10,590		10,590
Cúlchiste Taighde			3,142		2,878
Barrachas/(Easnamh) Carntha			(5,061)		(72,863)
			<u>12,808</u>		<u>(53,503)</u>

Tá an ráiteas sreafaí airgid agus na nótaí 1- 25 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann chomhaltaí an bhoird

Bean Uasal DA Barr

Cathaoirleach

Bean Uasal D Cullivan

Comhalta Boird

Dáta: An 19 Meitheamh 2023

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann
Irish Blood Transfusion Service

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	<i>Nótaí</i>	2022 €'000	2021 €'000
Réiteach an bharrachais oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin		(4,986)	(2,266)
Táille phinsin lúide rannfocaíochtaí a íocadh		2,774	2,002
Dímheas		3,546	3,640
Deontas caipitil amúchta		(1,755)	(1,751)
(Ardú)/Laghdú ar stoc		(211)	1,241
(Ardú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe		(53)	(867)
Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe		1,429	(126)
Ús infhaighte	15	(36)	(2)
Ús iníoctha	15	17	15
(Brabús)/Caillteanas ar dhíol sócmhainní seasta		(23)	(251)
Glan-insreabhadh (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		702	1,635
Ráiteas Sreafaí Airgid			
Glan-insreabhadh (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		702	1,635
Torthaí ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas	15	19	(13)
Caiteachas Caipitil	15	(1,425)	(1,275)
		(704)	347
Maoiniú – Deontas Caipitil a fuarthas	14	-	31
Méadú/(Laghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid tirim sa bhliain	16	(704)	378
Réiteach an ghlan-sreafa airgid le gluaiseacht i nglanfhiach			
Méadú/(Laghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid tirim sa bhliain	16	(704)	378
Insreabhadh airgid thirim ó laghdú ar fhiachais agus maoiniú léasanna		-	-
Athrú ar ghlan-chistí mar gheall ar shruthanna airgid		(704)	378
Glan-chistí amhail an 1 Eanáir	16	29,811	29,433
Glan-chistí amhail an 31 Nollaig	16	29,107	29,811

Thar ceann chomhaltaí an bhoird

Bean Uasal DA Barr

Cathaoirleach

Bean Uasal D Cullivan

Comhalta Boird

Dáta: An 19 Meitheamh 2023

Seirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann

Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha:

A) Bonn cuntasaíochta

Ullmhaíodh an tsraith seo de Ráitis Airgeadais faoi FRS102.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta agus ábhair á bplé a mheastar go bhfuil siad ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Sheirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Léirítear sna ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an Bhoird a bhaineann le fuil agus táirgí fola a fháil agus a dháileadh. Léirítear iontu chomh maith na costais a bhaineann le hatreorú agus comhairleoireacht daoine áirithe ar a bhfuil VEID agus Heipitíteas C. Léirítear iontu an costas chun íocaíochtaí ex-gratia a chur ar fáil (ní raibh aon íocaíocht dá leithéid in 2022) do dhaoine áirithe a bhfuil Heipitíteas C orthu, íocaíochtaí a bhfuil baint acu le cóir leighis a chur ar na daoine sin le haghaidh Heipitítis C suas go pointe a nglactar le cúiteamh ag eascairt as cinneadh binse cúitimh nó cúirte. Is táille iad na dámhachtainí ó bhinse ar chuntais speisialta a cuireadh ar bun faoi Ailt 10 agus 11 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997. Íocann an Roinn Sláinte na dámhachtainí as na cuntais speisialta sin.

B) Ioncam

Is ionann ioncam agus luach cóir na comaoine a fuarthas nó a bhí infhaighte i gcomhair díolacháin táirgí nó soláthar seirbhísí i ngnáthchúrsa ghníomhaíochtaí an Bhoird. Léirítear ioncam glan ó fháltais. Aithníonn an Bord ioncam nuair is féidir an méid ioncaim agus an costas gaolmhar a mheas go hiontaofa agus nuair is dóchúil go bhfuil inbhailitheacht na n-infháltas gaolmhar deimhnithe go réasúnta. Aithnítear ioncam othair agus seirbhíse ag an am a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

C) Sócmhainní inláimhsithe seasta agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas chun costas gach sócmhainne seasta a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré ionchais, ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

Áitreabh	4%
Áitreabh a fheistiú	10% - 20%
Gléasra agus trealamh	10% - 33.3%
Crua-earraí ríomhaire	33.3%
Bogearraí ríomhaire	33.3%
Mótarfeithiclí	20%

Ní ríomhtar aon dímheas ar shócmhainní atá á bhforbairt.

D) Stoic

Ní chlúdaítear stoic fola agus comhábhar fola, bailithe ó dheontóirí deonacha, sa luacháil stoic. Tabhaíonn an Bord costais chun fuil agus comhábhair fola a bhailiú, costais bhailiúcháin, costais phróiseála agus costais tástála san áireamh. Aithnítear costais dá leithéid sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim coinnithe de réir mar a thabhaítear iad. Áirítear an stoc fola agus comhábhar fola ag deireadh na bliana ag luach nialasach. Tá an Bord den tuairim gurb é an beartas seo an ceann is oiriúnaí mar, de bharr shaolré ghearr táirgí dá leithéid (idir 7 agus 35 lá), ní mór fáil réidh le cuid den stoc atá ann ag deireadh na bliana ina dhiaidh sin. Luacháiltear stoic de tháirgí fola athchuingreacha agus plasma tuaslagóra/glantaigh ag a gcostas nó glanluach inréadaithe, cibé ceann acu sin is ísle.

E) Pinsin

Oibríonn an Bord scéim pinsean le sochar sainithe atá maoinithe ag ranníocaíochtaí ón mBord agus ó fhostaithe. Déantar sócmhainní ná scéime pinsin a thomhas agus úsáid á baint as luachanna córa agus iad i seilbh ciste a riartar ann féin. Cuireann an scéim sochair scoir bunaithe ar thuarastal deireanach an bhaill ar fáil. Tagann siad faoi réir iontaobhaithe neamhspleácha, atá freagrach as cinntiú go gcuirtear maoiniú leordhóthanach leis an scéim chun cloí le hoibleagáidí reatha agus le hoibleagáidí amach anseo.

Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhas ag úsáid mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid agus déantar iad a lascainiú ag ráta sochair banna chorparáidigh ar ardcháilíocht de thréimhse inchomparáide, leis na sreafaí sochair. Aithnítear barrachais nó easnaimh scéime pinsin go hiomlán agus luaitear iad ar éadan an Ráitis ar Staid an Airgeadais.

Seirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

Cuimsítear sa mhuirear pinsin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe an costas seirbhíse reatha agus an costas seirbhíse roimhe seo, móide an difríocht idir an toradh a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní scéime agus an costas úis ar na dliteanais scéime.

Sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, aon ghnóthachain agus cailteanais achtúireacha a tháinig chun cinn mar thoradh ar bhoinn tuisceana achtúireacha athraithe, agus mar thoradh ar thaithí, bharrachas agus easnaimh, aithnítear iad i gcomhthéacs na bliana inar tharla siad.

An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) i bhfeidhm ag an SFÉ chomh maith. Is scéim le sochar sainithe í an scéim sin, bunaithe ar mheántuarastal gairme, le haghaidh fostaithe sa tseirbhís phoiblí atá inphinsin, a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER).

Do chomhaltaí foirne a imíonn ón eagraíocht laistigh de dhá bhliain, tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aon ranníocaíochtaí atá íoctha acu de réir na Scéime a aisíoc.

F) Deontais Chaipítíl

Déantar deontais chaipítíl i leith sócmhainní seasta breise a láimhseáil mar chreidmheas iarchurtha agus scaoiltear iad don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe go bliantúil, de réir méid cothrom, thar shaolré ionchais fóna na sócmhainní gaolmhara.

G) Deontais Ioncaim

Cuirtear deontais ioncaim infhaighte isteach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas gaolmhar.

H) Cúlchiste Caipítíl

Aon chistí a chuirtear ar leataobh chun saoráidí an Bhoird a fhorbairt, cuimsítear iad faoi chúlchistí caipítíl agus taispeántar iad le cúlchistí sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

I) Taighde

Leithdháileann an Bord 1% dá ioncam lárnach le haghaidh taighde agus forbartha gach bliain, ag teacht leis na moltaí a rinneadh sa phainéal athbhreithnithe maidir le tástáil fola i gcomhair fuilistriúcháin in Éirinn a foilsíodh in 2002. Áirítear díolacháin ó fhuil, ó chomhábhair fola agus ó thástáil san ioncam lárnach. Aistrítear go cúlchiste taighde, ag deireadh na bliana, cistí nár caitheadh le linn na bliana airgeadais lena n-úsáid sna blianta atá le teacht. Taispeántar na méideanna sin sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Aithnítear caiteachas ar thaighde mar speansas nuair a thabhaítear é.

J) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgeadraí iasachta a aistriú go Euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag deireadh na míosa roimh an mhí inár tharla na hidirbhearta.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha go Euro ar na rátaí malartaithe atá i bhfeidhm ar dháta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Déantar na brabúis nó cailteanais a tharla dá bharr a láimhseáil sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain inar tharla siad.

Seirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

K) Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta An-Tábhachtacha

i. Gnóthas leantach

Faoi FRS 102, cuid 3.8, ní mór don Bhord Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil sé á leachtú nó mura bhfuil deireadh tagtha lena fheidhmiú, nó mura bhfuil sé beartaithe é a leachtú nó deireadh a chur lena fheidhmiú, nó mura bhfuil aon rogha réadúil ar fáil amhlaidh a dhéanamh.

I bhfianaise an chailteanais pinsin de €27.156 milliún, agus na féidearthachta go ndéanfar tuilleadh athruithe ar luach shócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin tar éis an dáta tuairiscithe, rinne an Bord, agus é i mbun measúnaithe ar oiriúnacht choincheap an ghnóthais leantaigh don tsraith seo Ráiteas Airgeadais, machnamh ar luachálacha iomlána agus sreabhadh airgid an chiste pinsin don dá mhí dhéag ó dháta faofa na ráiteas airgeadais agus tá sé den tuairim gur féidir leis a dhliteanais iomlána, cistiú scéim pinsin SFÉ san áireamh, a fóc de réir mar a bheidh siad dlite. Sna cúinsí sin measann an Bord go bhfuil coincheap an ghnóthais leantaigh oiriúnach chun an tacar sin de na Ráitis Airgeadais a ullmhú.

ii. Soláthairtí

Déanann an Bord soláthar do dhualgais dhlíthiúla agus chuiditheacha arb eol dó atá fós le réiteach ag deireadh bliana. Déantar na soláthair sin go ginearálta bunaithe ar eolas stairiúil nó eolas tábhachtach eile a athraítear nuair is cuí. Meastacháin atá ann, áfach, ar chostais airgeadais imeachtaí gurbh fhéidir nach dtarlódh siad ar feadh roinnt blianta. De thoradh sin agus leibhéal éiginnteachta na dtorthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh féin agus an toradh a mheastar.

Déanann an Bord soláthar do mhéideanna bunaithe ar chomhairle dlí agus ar an meastachán is fearr maidir le costais iomlána a theastaíonn chun cásanna dlí a shocrú.

Déantar soláthar chomh maith do stoc atá mallghluaiseach nó as feidhm nuair is cuí.

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta go dtí an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe agus déantar soláthar ar leith le haghaidh aon mhéideanna a bhfuil amhras ann faoina mbailiú.

iii. Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Treailimh

Déantar athbhreithniú i gcomhair bearnaithe ar shócmhainní atá faoi réir dímheasa nuair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go mb'fhéidir nach bhféadfaí an tsuim ghlanluacha a aisghabháil.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar shaolré sócmhainní agus ar luachálacha iarmharacha gach aicme de shócmhainní seasta agus, go háirithe, ar shaolré fóna eacnamaíoch agus luachálacha iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeistias; agus de thoradh air sin, tá an Bord sásta go bhfuil oiriúnacht ag baint le saolré agus luachálacha iarmharacha na sócmhainní.

Seirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

2. Ioncam

2.(a) Díolacháin agus tástálacha

<u>Díolacháin</u>	2022 €'000	2021 €'000
Fuil	36,604	35,832
Comhchodanna fola	15,481	15,196
Táirgí fola	3,935	3,679
Plasma	2,007	1,850
DIV (IVD) Plasma	264	255
Díolacháin iomlána	58,291	56,812
Tástálacha	13,103	12,354
Díolacháin agus Tástálacha Iomlána	71,394	69,166

2.(b) Deontas na Roinne Sláinte

I 2016, d'fhaomh an Roinn Sláinte deontas i leith tástála ar Víreas Heipitéas E ó 2016 - 2018. Tá síneadh ama curtha leis an deontas sin go dtí deireadh 2024. Faoin socrú deontais bunaidh, ba é €840,000 an t-uasluch a d'fhéadfadh SFÉ a éileamh in aon bhliain faoi leith. Is é an t-uasmhéid faoin síneadh deontais ná €600,000.

Le linn 2022, bhí ioncam de €577,200 faighte nó infhaighte ag SFÉ ón Roinn Sláinte i leith an deontais atá mionsonraithe thuas. Tagann an t-ioncam sin le caiteachas comhfhreagrach faoi na ceanteidil chaiteachais chuí.

3. Costais foirne

Ba iad seo a leanas costais phárolla chomhiomlána na bhfostaithe de réir catagóire:

	2022 €'000	2021 €'000
Sochair ghearrthéarmacha foirne	30,950	28,672
Costais leasa shóisialaigh	3,294	3,064
Iomlán na sochar gearrthéarmach foirne	34,244	31,736
Muirear scéim Pinsean SFÉ (nóta 17(a))	6,779	5,973
Muirear pinsean SPSPS (nóta 18)	2,993	2,515
Fabhruithe ÁSB agus Pinsin	315	440
	44,331	40,664

Luach Saothair

(a) Sochair Chomhiomlán Fhostaí

	2022 €'000	2021 €'000
Sochair Ghearrthéarmacha Foirne	30,950	28,672
Costais Shochair Scoir – scéim SFÉ (nóta 17(a))	6,779	5,973
Costais Shochair Scoir – scéim SPSPS (nóta 18(a))	2,993	2,515
Ranníocaíocht Fostóra le Leas Sóisialach	3,294	3,064
Árachas Sláinte Buan	315	440
	44,331	40,664

(b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2022 €'000	2021 €'000
Bunphá	27,731	26,159
Ragobair	471	238
Liúntais	2,597	2,194
Costais Earcaíochta	151	81
	30,950	28,672

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

(c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Príomhphearsanra bainistíochta i Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann: an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Náisiúnta Leighis agus Eolaíochta, Stiúrthóir na nOibríochtaí, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíontachta, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Stiúrthóir Acmhainní Daonna. Tá luach iomlán shochair fostaithe an príomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

	2022	2021
	€'000	€'000
Tuarastal	1,087	863
Liúntais	59	54
	<u>1,146</u>	<u>917</u>

(d) Pacáiste Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Fuair an Príomhfheidhmeannach tuarastal de €159,531 in 2022 agus tá an duine sin i dteideal pinsin faoi théarmaí na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

(e) Bannaí Catagóire Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe do chomhaltaí foirne a thuilleann breis is €60,000

Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe €	2022 An Líon Fostaithe sa Bhanna	2021 An Líon Fostaithe sa Bhanna
60,000 – 69,999	53	33
70,000 – 79,999	33	32
80,000 – 89,999	24	19
90,000 – 99,999	9	7
100,000 – 109,999	5	6
110,000 – 119,999	3	2
120,000 – 129,999	4	3
130,000 – 139,999	1	1
140,000 – 149,999	-	3
150,000 – 159,000	3	-
160,000 – 169,999	1	-
170,000 – 179,999	-	-
190,000 – 199,999	-	1
200,000 – 209,999	-	1
210,000 – 219,999	2	-
230,000 – 239,999	1	2
240,000 – 249,999	2	-
270,000 – 279,999	1	2

Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise

Amhail an 31 Nollaig 2022 bhí na ranníocaíochtaí aoisliúntais breise go léir maidir le comhaltaí foirne sa scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair tarchurtha ag an mBord chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Déantar ranníocaíochtaí aoisliúntais breise maidir le comhaltaí foirne i scéim aoisliúntais SFÉ a tharchur chuig scéim pinsin SFÉ.

	Líon 2022	Líon 2021
Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an mBord ná	624	616
Ba é meánlíon na ndaoine coibhéise lán-aimseartha a bhí fostaithe ag an mBord ná	509	503

4. Cáin

Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim le héileamh ó Sheirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann ar Dhíolúine Charthanachta ó cháin.

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

5. Costais phróiseála	2022 €'000	2021 €'000
Ceannach táirgí athdhíolta	5,404	5,026
Pacáistí fola agus oiriúintí	2,745	2,557
Drugaí, cóirithe, uirlisí agus imoibríthe	7,211	7,115
Coirní	925	702
	<u>16,285</u>	<u>15,400</u>

6. Speansais Ghinearálta	2022 €'000	2021 €'000
Cíos agus rátaí	911	1,105
Téamh, soilsiú agus cumhacht	1,474	947
Lónadóireacht	434	401
Postas	61	52
Teileafón	339	371
Glanadh	688	707
Carraeireacht	1,064	621
Táillí iniúcháireachta	47	42
Deisiú agus Cothabháil	3,567	3,894
Árachas	369	364
Speansais ilghnéitheacha (nóta 7)	735	580
Tástálacha fola	168	172
Seirbhísí gairmiúla	2,444	2,598
Deontas Taighde	19	158
Táillí dlí agus socraíochtaí dlí	60	(79)
Diúscairt Dramhaíola	187	209
Slándáil	273	264
	<u>12,840</u>	<u>12,406</u>

7. Speansais ilghnéitheacha	2022 €'000	2021 €'000
Suibscríbhinní agus Foilseacháin	189	146
Sláinte agus Sábháilteacht	54	34
Leas Foirne	118	159
Na Meáin agus Cumarsáid	55	43
Láithreán Athshlánaithe ó Thubaiste	30	30
Ilghnéitheach	289	168
	<u>735</u>	<u>580</u>

Airíodh i Speansais Ilghnéitheacha caiteachas fáilteachais mar atá mionsonraithe sa Ráiteas Rialachais.

8. Costais bhailiúcháin
B'ionann caiteachas a tabhaíodh in 2022 i leith bailiú deonuithe fola agus €4.8 milliún (2021: €4.2 milliún)

9. Muirir airgeadais	2022 €'000	2021 €'000
Ús agus Muirir ón mBanc	5	6
Íocaíocht Phras ar Ús agus Fhíneálacha	12	9
Gluaiseachtaí Rátaí Malairte	(9)	26
Drochfhiacha	13	10
Soláthar in aghaidh Drochfhiach	(60)	162
Difir Stoic	0	2
	<u>(39)</u>	<u>215</u>

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann
Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

10. Sócmhainní seasta inlámhsithe

<i>Costas</i>	Áitreab €'000	Gléasra agus trealamh €'000	Crua-earraí ríomhaire €'000	Bogearraí ríomhaire €'000	Sócmhainní atá á bhforbairt €'000	Mótarfheith hiclí €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2022	50,866	14,888	6,425	12,735	336	1,580	86,830
Breiseanna sa bhliain	-	131	2	9	1,276	-	1,418
Curtha in úsáid sa bhliain	-	939	11	228	(1,178)	-	-
Diúscairtí	(18)	(4,053)	(2,987)	(2,949)	-	(354)	(10,361)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2022	50,848	11,905	3,451	10,023	434	1,226	77,887
<i>Dímheas carntha</i>							
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2022	44,141	13,315	5,843	11,639	-	1,509	76,447
Muirear na bliana	1,850	686	399	579	-	32	3,546
Diúscairtí sa bhliain	(18)	(4,053)	(2,987)	(2,949)	-	(354)	(10,361)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2022	45,973	9,948	3,255	9,269	-	1,187	69,632
Ar an 31 Nollaig 2022	4,875	1,957	196	754	434	39	8,255
Ar an 31 Nollaig 2021	6,725	1,573	582	1,096	336	71	10,383

11. Féichiúnaithe: go léir dlite laistigh de bhliain amháin mura luaitear a mhalairt

	2022 €'000	2021 €'000
Féichiúnaithe trádála	7,349	7,287
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	1,764	1,773
	9,113	9,060

12. Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	2022 €'000	2021 €'000
Creidiúnaithe trádála	2,847	2,033
Creidiúnaithe eile, leas sóisialach san áireamh	1,910	1,663
Fabhrú pá saoire	1,051	989
Fabhruithe agus Soláthairtí Eile	3,423	3,147
	9,231	7,832

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

I measc na gcreidiúnaithe eile tá na méideanna seo a leanas i leith na cánach agus an leasa shóisialaigh:

	2022 €'000	2021 €'000
ÍMAT	723	610
ÁSPC	560	500
MSU	139	119
CMÁ	3	3
PSWT	11	44
CBL	474	387
	<u>1,910</u>	<u>1,663</u>

13. Stoic i seilbh ag deireadh bliana

Seo a leanas achoimre ar na príomhchatagóirí stoic a bhí i seilbh ag deireadh bliana:

	2022 €'000	2021 €'000
Táirgí fola	787	685
Plasma Tuaslagóra/Glantaigh	1,108	1,071
Imoibrithe	152	172
Tacair bhailiúcháin	306	281
Tomhaltais agus Uirlisí In-athúsáidte	209	177
Gradaim Deontóra agus Ábhair Fógraíochta	82	57
Clóbhualadh & páipéarachas	39	29
Glantachán agus Lónadóireacht	27	27
Ábhair Phacáistithe	10	10
Soláthar i leith stoc atá as feidhm	-	-
	<u>2,720</u>	<u>2,509</u>
Stoic fola (á gcoinneáil ar luach neamhní)	2,524 aonad	2,927 aonad

14. Deontas Caipitil

	2022 €'000	2021 €'000
Iarmhéid ag tús na bliana	5,892	7,612
Faighthe le linn na bliana	-	31
Amúchta in aghaidh dímheasa	(1,755)	(1,751)
	<u>4,137</u>	<u>5,892</u>

Le linn na bliana 2021 fuarthas deontas de €31,274 i leith reoiteoirí a ceannaíodh chun plasma téarnaimh a choimeád.

15. Sreafaí Airgid Comhlána

	2022 €'000	2021 €'000
Torthaí ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas		
Ús faighte	36	2
Ús íochta	(17)	(15)
	<u>19</u>	<u>(13)</u>
Caiteachas caipitil		
Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil	(1,448)	(1,526)
Fáltais ó dhíolacháin sócmhainní seasta	23	251
	<u>(1,425)</u>	<u>(1,275)</u>

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

16. Anailís ar athruithe i nglanfhiach

	Ar an 1 Eanáir 2022 €'000	Sruthanna airgid €'000	Ar an 31 Nollaig 2022 €'000
Airgead sa bhanc agus ar láimh	2,191	288	2,479
Éarlaisí gearrthéarmacha	<u>27,620</u>	<u>(992)</u>	<u>26,628</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	<u>29,811</u>	<u>(704)</u>	<u>26,628</u>

17. Eolas ar phinsin (Scéim Aoisliúntais Sheirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann)

17. (a) Costais Pinsin

Anailís ar an méid a gearradh ar chostais pinsean	2022 €'000	2021 €'000
Costais seirbhíse	5,592	5,231
Glanchoistais airgeadais	<u>1,187</u>	<u>742</u>
Iomlán a gearradh ar chostais pinsean	<u>6,779</u>	<u>5,973</u>

Anailís ar chostais seirbhíse	2022 €'000	2021 €'000
Costas reatha seirbhíse	6,557	6,342
Costas ar Shochar Báis sa tSeirbhís a Chur faoi Árachas	435	263
Lúide Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	<u>(1,400)</u>	<u>(1,374)</u>
Costais iomlána seirbhíse	<u>5,592</u>	<u>5,231</u>

	2022 €'000	2021 €'000
Toradh ionchasach ar shócmhainní plean	2,572	1,324
Ús ar dhliteanas scéim pinsean	<u>(3,759)</u>	<u>(2,066)</u>
Glanchoistas airgeadais	<u>(1,187)</u>	<u>(742)</u>

17. (b) Glandliteanas Pinsin

17. (b) (i) Sócmhainní agus Dliteanais na Scéime

	2022 €'000	%	2021 €'000	%
B'iad na príomhshócmhainní agus dliteanais a ghabh leis an scéim ná:				
Gnáthscaireanna	46,529	26%	58,081	28%
Malairtí	30,433	17%	32,490	16%
Maoín	17,637	10%	16,941	8%
Bonneagar	6,654	4%	5,995	3%
Bannaí	77,873	43%	87,807	43%
Airgead tirim	<u>810</u>	<u>0%</u>	<u>4,577</u>	<u>2%</u>
Luach cóir iomlán sócmhainní	179,936	100%	205,891	100%
Luach reatha na ndliteanas scéime	<u>(207,092)</u>		<u>(303,325)</u>	
Glandliteanas pinsin deimhnithe sa ráiteas ar staid airgeadais	<u>(27,156)</u>		<u>(97,434)</u>	

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann
Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

	2022	2021
	€'000	€'000
17. (b) (ii) Anailís ar ghluaiseacht i luach cóir shócmhainní plean		
Luach tosaigh	205,891	189,090
Toradh Ionchasach	2,572	1,324
Gnóthachain achtúireacha (caillteanais)	(28,225)	15,341
Ranníocaíochtaí ag an bhFostóir (lúide an costas a bhain le sochair ‘bás le linn seirbhíse’ a chur faoi árachas)	3,531	3,668
Ranníocaíocht aon uaire ag an bhFostóir	-	-
Ranníocaíochtaí ag Fostaithe	1,400	1,374
Ioncam Eile	39	40
Sochair a íocadh / a socraíodh	(5,272)	(4,946)
Luach deiridh	179,936	205,891

17. (b) (iii) Anailís ar ghluaiseacht i luach na ndualgas sochair

	2022	2021
	€'000	€'000
Luach tosaigh	(303,325)	(297,546)
Costas Seirbhíse (gan costas na sochar bás i seirbhís a chur faoi árachas san áireamh)	(6,557)	(6,342)
Costas Úis	(3,759)	(2,066)
Gnóthachain/ (Caillteanais) Achtúireacha	101,277	(2,317)
Sochair a Íocadh / a Socraíodh	5,272	4,946
Luach deiridh	(207,092)	(303,325)

17. (c) Cur Síos ar an Scéim agus ar Bhoinn Tuisceana Achtúireacha

Tá scéim pinsin le sochar sainithe d'fhostaithe, atá cistithe go seachtrach agus ranníocach, i bhfeidhm ag an mBord. Coimeádtar sócmhainní na scéime leo féin ón mBord. Déantar na sochair faoin scéim pinsin a chistiú ag ranníocaíochtaí ón mBord agus ó na comhaltaí. Déantar an leibhéal ranníocaíochtaí ón mBord a chinneadh i ndiaidh athbhreithnithe rialta ag achtúire cáilithe neamhspleách.

Na toimhdí a úsáidtear mar bhonn do na luachálacha achtúireacha dá gcinntítear na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéal chúitimh amach anseo agus rátaí báis san áireamh), déantar iad a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha agus aon athrú ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna iar-scoir.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí a úsáideadh ag an achtúire chun na dualgais sochair a luacháil i leith FRS102 ar an 31 Nollaig 2022 agus ag an deireadh bliana roimhe:

	Ar an 31/12/22	Ar an 31/12/21
Ráta méadaithe i dtuarastail	3.75% in aghaidh na bliana ar feadh bliain amháin agus 3.15% in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin	1% in aghaidh na bliana ar feadh bliana agus 2.85% in aghaidh na bliana móide scála tuarastail
Ráta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc	3.5% in aghaidh na bliana ar feadh bliain amháin agus 2.9% in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin	1% in aghaidh na bliana ar feadh bliain amháin agus 2.6% in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin
Ráta lascaine	3.7%	1.25%
Bonn tuisceana maidir le boilsciú	2.4%	2.1%
Toradh ionchasach ar shócmhainní	3.7%	1.25%
Ionchas Saoil Fir/Mná 65 bliana d'aois	23.4/25.6 bliain	23.3/25.5 bliain
Ionchas Fir/Mná atá 45 bliain d'aois anois ag 65 bliana d'aois	25/27.2 bliain	24.9/27.1 bliain

De réir FRS 102, úsáidtear an ráta lascaine leis an sochar ionchasach ar shócmhainní a ríomh.

Seirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

Ba é seo a leanas an toradh iarbhír ar shócmhainní na scéime i gcomparáid leis an toradh ionchais:

	2022	2021
	€'000	€'000
Toradh iarbhír ar shócmhainní scéime	(25,653)	16,665
Toradh ionchasach ar shócmhainní scéime	2,572	1,324
Difear idir an toradh iarbhír agus ionchasach	(28,225)	15,341

17. (d) Stair na n-oibleagáidí sochar sainithe, na sócmhainní agus na ngnóthachan agus cailteanas ó thaithí

	2022	2021	2020	2019	2018
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Luach Cóir shócmhainní an phlean	179,936	205,891	189,090	175,498	154,374
Luach Reatha na ndlíteanas fabhráithe	(207,092)	(303,325)	(297,546)	(267,756)	(237,672)
Easnamh	(27,156)	(97,434)	(108,456)	(92,258)	(83,298)
Gnóthachan/(cailteanas) ó thaithí ar dhliteanais phlean	(13,071)	(1,123)	361	2,828	3,594
Difear idir an sochar iarbhír agus an sochar ionchasach ar shócmhainní plean	(28,225)	15,341	8,925	15,926	(7,041)

18. Eolas Pinsean (An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair)

18. (a) Anailís ar iomlán na gcostas Sochair Scoir a gearradh ar chaiteachas

	2022	2021
	€'000	€'000
Costais seirbhíse reatha	3,390	2,938
Ús ar dhliteanas Scéim Sochair Scoir	148	55
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	(545)	(478)
Iomlán na gcostas Sochair Scoir a gearradh ar chaiteachas	2,993	2,515

18. (b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Sochair Scoir le linn na bliana airgeadais

	2022	2021
	€'000	€'000
Glandliteanas ar an 1 Eanáir	(11,894)	(7,928)
Costas reatha seirbhíse	(3,390)	(2,938)
Costais úis	(148)	(55)
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach	7,237	(1,040)
Sochair a íocadh	34	67
Luach deiridh	(8,161)	(11,894)

18. (c) Cur síos ar an Scéim agus Cistiúchán iarchurtha

Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) i bhfeidhm ag an SFÉ. Is scéim le sochar sainithe í an scéim sin le haghaidh fostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí, a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí ó chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Na toimhdí a úsáidtear mar bhonn don luacháil achtúireach dá cinntítear an tsuim atá aitheanta sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí báis san áireamh), déantar iad a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha agus aon athrú ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna maidir le dul ar scor.

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí a úsáideadh ag an achtúire chun na dualgais sochair a luacháil i leith FRS102 ar an 31 Nollaig 2021 agus ag an deireadh bliana roimhe:

	Ar an 31/12/22	Ar an 31/12/21
Ráta méadaithe i dtuarastail	3.75% in aghaidh na bliana ar feadh bliain amháin agus 3.15% in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin	1% in aghaidh na bliana ar feadh bliana agus 2.85% in aghaidh na bliana móide scála tuarastail
Ráta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.4%	2.1% in aghaidh na bliana
Ráta lascaine	3.7%	1.25%
Bonn tuisceana maidir le boillsciú	2.4%	2.1%
Ionchas Saoil Fir/Mná 65 bliana d'aois	23.4/25.6 bliain	23.3/25.5 bliain
Ionchas Fir/Mná atá 45 bliain d'aois ag 65 bliana d'aois	25/27.2 bliain	24.9/27.1 bliain

Déanann SFÉ sócmhainn a shainaithint i gcomhréir leis an dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha do Shochar Scoir ar bhonn na bhforálacha in Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Ba é seo a leanas an Glanchistiúchán Iarchurtha do Shochar Scoir a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

	2022	2021
	€'000	€'000
Maoiniú in-aisghabhála i leith chostais na bliana reatha	2,993	2,515
Pinsean íoctha sa bhliain	-	-
Glanmhaoiniú Iarchurtha	<u>2,993</u>	<u>2,515</u>

Ba ionann méid na sócmhainne cistiúcháin iarchurtha do Shochar Scoir ar an 31 Nollaig 2022 agus €8,161,000 (2021: €11,894,000)

18. (d) Stair na n-oibleagáidí sochar sainithe

	2022	2021
	€'000	€'000
Oibleagáidí sochair shainithe	8,161	11,894
Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar Dhliteanais		
Scéime Méid	(1,387)	(301)
Céatadán na nDlitéanais Scéime	17%	2.5%

19. Dliteanas i leith Táirgí

Bíonn ar an mBord an chéad €317,435 a íoc as éilimh dliteanais i leith táirgí, gach uile bhliain, agus is é an Stát a bhíonn freagrach as an tsuim atá fágtha a chúiteamh.

20. Soláthairtí

Gléas Haemaglóibine

Tugadh isteach gléas nua ag SFÉ chun leibhéil Haemaglóibine (Hb) i ndeontóirí a thomhas in Iúil 2014. Bhí an gléas sin in úsáid i gclínici go dtí Deireadh Fómhair 2015, nuair a cuireadh gléas ina hionad. Tugadh isteach na gléasanna a úsáideadh cheana arís. Ghlac naonúr deontóirí caingean dlí i gcoinne an Bhoird agus tá ceann amháin de na cásanna sin fós ar siúl ag an dáta tuairiscithe. Rinneadh soláthar don chás seo ag an mBord sna Ráitis Airgeadais.

Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann Irish Blood Transfusion Service

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 *ar lean*

21. Dlíteanais theagmhasacha

Tugadh roinnt éileamh féideartha le fios san am atá thart ag eascairt as moill a maíodh a tharla agus na torthaí tástála á gcur in iúl. Tugadh comhairle don Bhord nach féidir risíocht airgeadais na gcásanna sin a mheas, más ann di, toisc nach bhfuil ann ach faisnéis theoranta faoi chásanna dá leithéid go dtí seo. Ní heol méid cailteanas na ndeontóirí, más ann dóibh, mar thoradh ar mhóilleanna dá leithéid. Tá na cásanna sin neamhghníomhach chomh fada sin, áfach, go measann ár gcomhairleoirí dlí go bhfuil siad beagnach imithe in éag.

22. Gealltanais chaipitil

Bhí gealltanais chaipitil de €1.876 milliún ann ar an 31 Nollaig 2022.

23. Idirbhearta páirtí ghaolmhara

Ní raibh aon idirbheart le páirtithe gaolmhara, a dteastaíonn nochtadh faoi FRS102 leo.

24. Réadmhaoin SFÉ

Áitíonn SFÉ naoi réadmhaoin mar atá liostaithe ar leathanach 1. Is leis an mBord ceann amháin dóibh, an tIonad Náisiúnta Fola, agus tá sé suite ar thalamh atá ar léas ag an mBord. Tá réadmhaoin eile, Ionad Chorcaí, i seilbh faoi cheadúnas. Tá an seacht réadmhaoin eile i seilbh ar léasanna tráchtála.

Talamh agus Foirgnimh

Tá na híosaíochtaí léasa amach anseo a leanas ag an mBord faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas.

	2022	2021
	€'000	€'000
Bliain amháin agus gan dul thairis sin	252	273
Bliain amháin ar a laghad agus gan dul thar chúig bliana	702	776
Níos mó ná cúig bliana	560	818
	<u>1,514</u>	<u>1,867</u>

25. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Faomhadh na ráitis airgeadais ag an mBord ar an 19 Meitheamh 2023.